Díospóireacht Roinn na Gaeltachta

(Ar lean. ó leath. 4)

athscrúdú féachaint an ceart cur leo nó baint uathu. Tá súil agam go scrúdóidh an Rúnaí Pairliminte an cheist sin gan aon mhoill agus go bhfeicfimid toradh an scrúdaithe sin amach anseo.

Tugaim faoi ndeara ó ráiteas an Rúnaí Pairliminte agus é ag moladh an Mheastacháin don Dáil go bhfuil beartaithe ag an Rialtas na comhachtaí atá ag Gaeltarra Éireann a mhéadú chun go bhféadfaidís tionscail nua a bhunú ar fud na Gaeltachta, aon áit gur féidir é a dhéanamh. Is dóigh liom gur maith an socrú é sin. Tá eagla orm nach mbeadh na tionscalóirí príobháideacha sásta monarchain a chur ar bun sa Ghaeltacht. Má déantar in aon chor é caithfidh dream éigin faoi scáth an Stáit é a dhéanamh. Dúirt an Rúnaí Pairliminte go gcaithfear Bille a chur ós chóir na Dála go luath chun na comhachtaí threise sin a thabhairt do Bhord Gaeltarra Éireann agus tá súil agam go bhfeicimid an Bille sin go luath. Dá luaithe é is amhlaidh is fearr é.

Bhein an Rúnaí Pairliminte tagairt do na cúramaí nua atá air, cúramaí a bhí go dtí seo ar an Roinn Oideachais. An deontas atá le fáil ag na coláistí Gaeilge atá i gceist anso. Tá an chuid is mó de na coláistí sin sa Ghaeltacht ach tá cuid eile acu sa Ghalltacht freisin. Is eagal orm go bhfuil éagóir dá dhéanamh ar na coláistí sa Ghalltacht toisc go dtugann Roinn na Gaeltachta deontas breise de £5 do gach scoláire a dheineann freastal ar choláistí sa Ghaeltacht. Níl an buntáiste seo le fáil ag na coláistí sa Ghalltacht. Is mór an cuidiú é do na choláistí sa Ghaeltacht. Níl an buntáiste seo le fáil ag na coláistí sa Ghalltacht. Ní bhíonn an costas chomh trom ar na daltaí a fhreastalann ar na coláistí nuair a bhíonn an deontas £5 ar fáil. Ach tá roinnt coláistí Gaeilge sa Ghalltacht freisin agus tá eagla orm go bhfuil éagóir á dhéanamh orthu mar ná fuil an deontas san le fáil ag na coláistí sa Ghalltacht ar chor ar bith. Níl le fáil acu ach an gnáth-dheontas ón Roinn Oideachais agus gheibheann na coláistí sa Ghaeltacht an dá dheontas. B'fhéidir gur cóir, go dtabharfaí na buntáistí go léir do mhuinntir na Gaeltachta. Ag an am céanna, do bhí an-mhisneach ag na daoine a chuir na coláistí Gaelacha ar bun sa Ghalltacht. Tá ceann acu in gCorcaí, ceann eile i Luimneach agus an triú ceann i gContae Ciarraí agus b'fhéidir roinnt eile in gcontaethe eile. Gheibheann na coláistí sa Ghaeltacht na buntáistí bíodh go bhfuil an obair chéanna dá dhéanamh ag na coláistí sa Ghalltacht nó b'fhéidir obair níos fearr ná mar atá dá dhéanamh sa Ghaeltacht. Iarraim ar an Rúnaí Pairliminte an cheist sin d'athscrúdú.

Bhí an cheist seo ós cóir Aire na Gaeltachta roimhe seo agus moladh dó na coláistí sa Ghalltacht a chur ar aon chéim leis na coláistí sa Ghaeltacht. Níor aontaigh mé leis an moladh sin óir bhí mé den tuairim nach raibh an moladh ciallmhar. B'fhéidir go bhféadfadh an Rúnaí Pairliminte deontas a thabhairt do gach coláiste sa Ghalltacht i leith gach scoláire a dheineann freastal ar choláiste sa Ghalltacht, sé sin, deontas a thabhairt don choláiste féin sa Ghalltacht. Chabhróidh sin leo na mí-bhuntáistí atá acu faoi láthair a shárú. Ba mhaith liom go ndéanfadh an Rúnaí Pairliminte machnamh ar an gceist mhór seo chun a fháil amach an bhfuil leigheas ar bith air, pé scéal é.

Ní bhéinn ar aon aigne leis an Teachta Ó Domhnaill mar gheall ar chúrsaí thionscal sa Ghaeltacht. Do bhéinn sásta le rud ar bith a choiméadfadh na daoine ag obair inte. Ní bheadh eagla orm teicneoirí iasachta a thabhairt isteach sa Ghaeltacht. Do tháinig siad isteach sa tír seo na céadta bliain ó shoin agus taréis tamaill d'éiroídar "níos Gaelaí ná na Gaeil iad féin." Sílim go dtárlóidh an rud céanna arís. Is minic nach féidir tionscal áirithe a chur ar bun sa Ghaeltacht gan na teicneoirí sin, bíodh Gaeilge acu nó ná bíodh. Im thuairimse d'éireoidís Gaelach diaidh ar ndiaidh. Ní dóigh liom go n-éireóidh leo muintir na Gaeltachta a Ghalldú. Tá an teanga agus an spioraid sa Ghaeltacht níos láidre ná mar a cheapann an Teachta Ó Domhnaill. Is cuma cén tionscal a chuirfí ar bun inte do bheadh obair le fáil agus d'fhanfadh na daoine sa Ghaeltacht. Tá súil agam go n-éireóidh le h-obair an Rúnaí Pairliminte nua agus go mbeidh toradh maith air. Go gcuire Dia rath ar a shaothar.

Riobard Ó Maolḋia

Níl droch-fhocal le rá agam mar gheall ar na daoine a labhair as Béarla agus i nGaeilge — an Teachta Ó Laoghaire, an Teachta Ó Domhnaill agus an Teachta Coogan. Bhí an-áthas orm gur labhair an Teachta Coogan i nGaeilge, óir níor chuala mé focal Gaeilge as le linn an toghacháin ⁊ níor chuala mé focal Gaeilge as roimhe sin féin agus, mar sin, bhí an-áthas orm an Ghaeilge a chloisint uaidh inniu. Ag an am céanna, teastaíonn uaim an óráid beag seo a chríochnú i mBéarla. D'fhan mé leis an Meastachán seo i dtreo go mbeadh caoi agam mo chuid focal tosaigh i nDáil Éireann a rá i nGaeilge. Ós rud é nach bhfuil taithí agam ar óráid a dhéanamh i nGaeilge, déanfaidh mé í anois sa teanga úd a labhraim ró-mhinic. Is oth liom.

Ag leanúint i mBéarla, dúirt an tUasal Ó Maolḋia:— Ba mhaith liom cúpla focal ar leith a rá faoi Ghaeltarra Éireann. Luaitear é mar an príomh ionstraiméid fá choinne fobairt tionsclach ins na ceantair Gaeltachta. Agus tá deontas i gcabhair de £120.000 agus £100,000 eile de caiteachas capital nach gá a aisíoc go ndéantar praifid. Sin iomlán de £220,000 do Ghaeltarra Éireann.

Tá faitíos orm, cé gur méadú substainteach é seo ar an méid a chaitheadh anuraidh, go gcaithfear i bhfad, i bhfad níos mó de mhílte punt a chaitheamh ar tionscail a bhunú insan Ghaeltacht ar bhunús eacnamiciúil, le saothrú seasta a sholáthar ansin.

Is mó duine a aontaíonn liom insan méid seo faoi costas forbairt tionscal insan Ghaeltacht, ach, má tá muid i ndáiríribh lenár n-iarrachtaí leis an teanga Gaeilge a chaomhnú, caithfidh muid Saothrú Seasta a sholáthar do phobal atá ag maireachtáil in san Ghaeltacht, agus tionscail a fhorbairt ansin, a bhéarfas obair, ní hé amháin de na mná, an cineál is mó oibre atá dá thabhairt faoi Ghaeltarra Éireann, ach do na fir agus do na h-ógánaí.

Tá sé sin 'na bhun riachtanas má tá muid i ndáiríribh lenár n-iarrachtaí leis an teanga Ghaeilge a chaomhnú. Agus fágaim béim gutha ar ::sábháltacht."

Ní as an Ghaeltacht mé féin. Tá mé a' maireachtáil i gcathair na Gaillimhe ar imeall na Gaeltachta agus cé go bhfuil muid i gcathair na Gaillimhe, níl muid i dtiodal deontaisí Gaeltachta a fháil.

Tá fios agam cuid mhaith fá'n Ghaeltacht. Ceann de na fadhbanna is mó atá ann, ná an easpa oibreachais, Tá na daoine ansin beo ó lá go lá, agus ó dheontas go deontas.

Dá gcuirtí tionscail ceart ar bun insan Ghaeltacht a bhéarfadh saothrú seasta, bheadh tionchar an mhór aithe ar chuile rud ansin.

Deirim anois nach réiteóidh Gaeltarra Éireann é féin an fadhb seo de oibreachas insan Ghaeltacht. Mná is mó atá ag obair i ndéanamh báinín agus ag cniotáil. Níl dóthain oibreachais slán ag Gaeltarra Éireann do na fir agus na buachaillí insan Ghaeltacht. In mo bharúilsa, ní réiteóidh Gaeltarra Éireann é féin an fadhb seo faoi easpa oibreachais insan Ghaeltacht.

Tá fadhbanna dá chuid féin ag Gaeltarra Éireann. Níl ann ach ionaid bheaga cniotála ag déanamh coda áithrid éadaí agus dá chur chuig stáisiún lár amháin le críochnú. San am a chuaigh thart go Baile Átha Cliath a chuirtí iad, an áit a ndéantaí dáiliú orthu ar fud na tíre go dtí na siopaí díolacháin, ón stórlann i Rae an Iarthair. Bhí sin costasúil, agus tuigim go bhfuil athrú dá dhéanamh anois ag Tuar Mhic Éadaigh, Gaeltacht Muigheo, agus nach gá na h-earraí a chur go Baile Átha Cliath agus anuas an tír arís. Molaim é sin, agus tá súil agam go méadóidh agus go leathnóidh an monarca ag Tuar Mhic Éadaigh ⁊ go n-ísleofar na costaisí reatha. Sílim gur seo nós níor fearr ná an sean nós.

Ach, fiú amháin le Gaeltarra Éireann ag obair faoi lán tseoil, ní féidir a bheith ag brath air go n-iomlán fá choinne forbairt tionsclach na gceantar Gaeltachta. Má tá sábháil Gaeilge insan Ghaeltacht, níor cheart ligint don Ghaeltacht meath a thuilleadh.

Má laghdaíonn na ceantair Gaeltachta a thuilleadh ansin, ní bheidh méid ar bith airgid inann é thabhairt ar ais níos moille.

"Tá mé ag súil go ndéanfaidh an Rúnaí Pairliminte nua an Teachta Ó Fachtna, gach díceall le féachaint chuige go dtabharfar níos mó spreagadh fá choinne bunú tionscail éadtrom insan Ghaeltacht idir iarrachtaí Stáit agus iarrachtaí príomháideach, de fhonn agus a chinntiú ó mbeidh fostaíocht slán le fáil ansin.

"Sé mo dhóchas go gcuirfidh siad ar fáil, earraí a mbeidh éileamh orthu ar fud na hÉireann, agus i dtíortha eile, agus go mbeidh na fir agus mná a bhéas ina gcónaí insan Ghaeltacht neamhspleách ar an cineál oibre ó lá go lá, a bhí indán díobha roimhe seo. Tá sábhálóidh deontas an Ghaeltacht. B'fhéidir go bhfuil an deontas riachtanach agus is mór an chabhair é. Ach, ní chuirfidh sé beatha nua insan Ghaeltacht.

"De thairbhe na teangan Ghaeilge, aontaím leis an Teachta Ó Laoire, go bhfuil grá mór dó imeasc daoine óga an lae inniu. B'fhéidir go measann seiseann nach bhfuil an grá sin ag dul i méid, ach ar an taobh eile de, measaim-se go bhfuil, agus go leanfaidh sé ag dul i méid faoi pholasaí Fhianna Fáil. Ar ndóighe, tá baint ar leith ag an cheist sin le Roinn eile, Roinn Oideachas, ⁊ ní leanfaidh mé de faoi láthair.

"Thrácht an Teachta Ó Domhnaill fá damhsaí san Ghaeltacht. B'fhéidir nach bhfuil sé chomh h-óg anois agus a bhí uair, ach, tá mise cinnte go raibh dúil aige sa damhsa uair amháin. Má bhaineann muid an suaimhneas seo amháin atá ag muintir na Gaeltachta, díobha, agus go bhfuil fhios acu go bhfuil sé ar fáil ins na bailte níos mó, agus atá, in dáiríribh, ag tarraingt cuid mhaith acu go dtí tíortha eile, agus Sasain ina measc, ansin, ní fhágfaidh muid acu ach na cnoic agus an clabar agus an fhearthain agus an fuacht. Bainfidh muid ar shiúl an solus ⁊ an gile as an Ghaeltacht. Meas mise go raibh na damhsaí ar cheann de na rudaí a d'fhág an saol rud beag níos suimiúla insan Ghaeltacht.

Bhí áthas orm ag éisteacht leis an Teachta Ó Domhnaill ag moladh an gluaiseacht drámaíochta. Is fiú moladh é. Ach, ní mheasaim gur cheart tacaíocht a thabhairt dó in éadan aiseanna eile. Bhí mise ag céilí ag an gCeathrú Rua ar na mallaibh, agus thug mé faoi deara marcáil áithrid ar an urlár. h-Innseadh dom go raibh árdán ansin, ach ós rud nach raibh duine ar bith ag aisteoireacht insan gCeathrú Rua, go dtug said an t-árdán ar shiúl leis an halla damhsa a dhéanamh níos mó. Is sláintiúil an caitheamh aimsire an damhsa do dhaoine óga, agus thuig muidne i bhFianna Fáil i gcónaí, chomh tábhachtach agus a bhí na ceantair Gaeltachta agus tá sé i gceist againn leanúint den polasaí sin.

"Ba mhaith liom comhgháirdeachas a dhéanamh leis an Rúnaí Pairliminte ar a cheapadh. Faoi na threoir cumasach, tá dóchas mór fá choinne na gceantar Gaeltachta.

Agus ar deireadh, cé gur labhair mé i mBéarla, anois fuair atá mé i mo bhall do Dháil Éireann, bei dcaoi níos mó agam ar Gaeilge a labhairt. Fuair mé mo chuid oideachais frid Gaeilge ó'n scoil náisiúnta frid an mheánscoil agus go dtí an ollscoil, thóg mé céim i dtráchtáil i gColáiste Iolscoile na Gaillimhe, tríd Ghaeilge. Ach, ní fhaca mé aiseanna ná spreagadh ar bith lena labhairt go rialta ina dhiaidh sin. Le déanaí tá níos mó spreagadh ins na scoltacha leis an teanga a labhairt taobh amuigh de am teagaisc. D'fhoghlaim mise an ghramadach, agus an chaoi le Gaeilge a labhairt, ach ní raibh spreagadh ar bith lena labhairt 'na dhiaidh sin.

"Tá grá mór agam don teanga agus do pháirt a ghlacadh in gnímhíochtaí saothúlachta, mar amhránaíocht, rinnce agus gach rud a bhfuil meas againn air. I gcathair na Gaillimhe, níl caoi ró mhór le labhairt na Gaeilge ach, measaim, leis an dúthracht agus an fuinneomh atá insan fhear atá ar an stiúir anois, go bhfeicfidh muid árdú in céim na h-athbheochana ⁊ saol nua insan Ghaeltacht, agus guím gach rath ar a iarrachtaí."

Fintan ÓCuagain

Ag leanúint i mBéarla, dúirt an tUasal Ó Cuagáin, go raibh meastachán ós a gcomhair, fá choinne méid mheasartha. Ní raibh ann ach anois agus arís a bhfuair siad caoi le ceist a chur céard a bhí dá dhéanamh don Ghaeltacht. Bhí Roinn na Gaeltachta ann ar feadh reich mbliana anois. Ba mhaith leis fáil amach céard a bhí déanta ar feadh an ama sin, le stop a chur le tuille na h-imirce ón Ghaeltacht. Tá an Teachta Mac Eochagáin, ar seisean, ina Theachta don Ghaeltacht chomh maith. B'fhéidir nach bhfeiceann sé chomh minic agus a chím-se. Lá indiaidh lae, chím-se lucht na "suitcases" ag fágáil Dún Laoghaire indiaidh a theacht ar traen a 4 a' chlog ó Ghaillimh. Níor ísligh an tuille sin go fóill, agus níl mise sásta, ná pobal na Gaeltachta sásta. Mar adúirt mé go minic insan Dáil. Má tá muid i ndáiríribh fá sábháil na teangan, caithfidh muid na cainteoirí dúchais a shábháil sa Ghaeltacht. 'Sí an Ghaeltacht cliabhán na Gaeilge. An t-aon áit amháin a dtig linn an teanga a shábháil.

Tá sé ceart go leor a bheith ag íoc deontaisí ar aiseanna, ach nach bhfuil na h-aiseanna seo dá dtabhairt in achan tír sibhialta ar an domhan. Ní choinníodh aiseanna mar seo an pobal sa Ghaeltacht, caithfidh siad rud eicint eile a bheith acu chomh maith le uisce ólacháin.

Thig scolairí óga go dtí an Ghaeltacht ó Bhaile Átha Cliath, Luimneach agus áiteacha eile, le Gaeilge a fhoghlaim, ach níltear a' teagasc do pháistí na Gaeltachta a dhath ar bith ach Gaeilge. Ansin glacann siad an chéad chaoi le Béarla a fhoghlaim. Óna scolairí óga a thig ag foghlaim Gaeilge. Tuigeann siad go gcaithfidh siad imeacht, agus seo an nós a bhfuil siad cleachtaí leis, agus measann siad go gcaithfidh siad iad féin a ullmhú do imirce go Sasana.

Diúltaíodh

Sílim go dtaispeáineann seo nach bhfuil toradh mar is ceart ar na deontaisí seo. Le 11 bliana anuas, is suimiúil an méid cásanna a dtáinig mise treasna orthu, fá cainteoirí dúchais a dhiúltú do na Gárdaí ceann as nach raibh go leor Béarla acu. Cé'n áit a bhfuil muid a dul mar sin. Níl fhios agam cé mhéid daoine ar na binsí taobh thall dom insan Dáil anois nach bhfuil acu ach Gaeilge. Dá mbeadh siad i ndáiríribh ar ndóighe, ní fhoghlaimeóidh siad ach Gaeilge amháin. Tá fios agam cuid mhaith daoine óga le árd intleacht, ar diúltaíodh post ins na Gárdaí dóibh ceann as nach raibh go leor Béarla acu.

Rud eile atá ag milleadh na Gaeilge — an méid daoine atá ag iarraidh teacht a dtír uirthi. Mara mbeadh leas le baint aisti. Bheadh cuid mhaith daoine nach mbeadh i leith na Gaeilge chor ar bith. Caithfidh mé admháil mar sin féin go bhfuil fíor díograsóirí againn, agus is ar na díograsóirí seo atá todhchaí na teangan ag brath.

Snáithe Ceangal

Tugadh deontaisí don Ghaeltacht fá choinne cuid mhór rudaí. Diarrfainn ar an rúnaí pairliminte a dhul go dtí Oileáin Árainn agus féachaint ar an snáithe ceangal atá idir Inis Meáin agus Inis Tiar. Níl sna snáithe ceangail seo ach na curracháí agus caithfidh siad teacht i dtír, sílim gurb é an dóighe cheart lena rá, faoi coinníollacha millteanacha ar fad.

Tugadh deontaisí fá choinne fánáin, ach ba mhaith liomsa aire speisialta a fheiceáil dá thabhairt do Inis Tiar agus Inis Meáin. Ar ndóighe, tá deontaisí do Inis Mór chomh maith. Tá mé ag iarraidh ar an Rúnaí Pairliminte dul go Oileáin Árainn é féin, gan dul lá samhraidh, ach san aimsir gharbh, nuair a chaiteas an Sagart dul ó Oileán Árainn é féin, gan dul lá hAifreann a rá frid farraigí atá ina mbaol dó féin agus do na daoine atá dá thabhairt.

Comhairle Iascairí

Tuigim go bhfuil deontas dá thabhairt fá choinne fánán mór ar Inis Mór. Ba mhaith liom go nglacfadh an Rúnaí Pairliminte comhairle leis na fir tráiléirí ansin atá ina gcainteoirí dúchais. Tá siad ag iarraidh fánán de chineál áithrid. Do réir mar chéimse, tá an deontas Gaeltachta seo dá chaitheamh le bheith feiliúnach do C.I.E. an dream atá ag cur córas taistil ar fáil do Oileáin Árann. Is deontas Gaeltachta seo, agus ba cheart barúla iascairí na Gaeltachta a ghlacadh. Tá siad ag iarraidh go mbeadh fánán le cúinne, ach, tá brú ann le é bheith déanta bealach eile, le foirstin do longais móra. Chím-se gur deontas Gaeltachta atá ann, agus gur comhairle na iascairí ba cheart a ghlacadh. Ba cheart an cúinne sin a chur insan fhánán. Más deontas Gaeltachta é—caitear é ar son na Gaeltachta.

An Teachta Ó Laoġaire

(Lucht oibre)

Ag labhairt i mBéarla ar fad, dúirt an tUasal Ó Laoire (Oibrithe) taréis dachad bliain do Rialtas dúchais, gur mhór an trua le rá go raibh an teanga ag imeacht as, agus nach raibh sí anois ach mar canúint ag roinnt Stát-Seirbhíseach i mBaile Átha Cliath.

Sin ceann de na h-athraithe a chonaic muid faoi pholasaí Fhianna Fáil, agus i ndáiríribh, d'fhág Fianna Fáil slán ag an cur-i-gcéill fá sábhailt na Gaeilge sa Pháipéar Bán. Do réir an eolais a bhí an Rúnaí Pairliminte ag

(Ar lean. ar leath. 6)